Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023 (OR. en)**

**12811/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0805(NLE)**

**INST 330**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle arna dhéanamh de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin lena gceaptar Comhalta den Choimisiún Eorpach<br>– Glacadh |

1. I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 246 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh: 'Déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig nó scor go héigeantach nó de bharr báis a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta le comhalta nua den náisiúntacht chéanna arna cheapadh ag an gComhairle, de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach sa dara fomhír d'Airteagal 17(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.'

2. I litir dar dáta an 15 Bealtaine 2023, chuir Ursula VON DER LEYEN, Uachtarán an Choimisiúin, in iúl don Chomhairle go raibh Mariya GABRIEL tar éis éirí as a post mar Chomhalta den Choimisiún[1].

[1] 9304/23.

3. An 3 Iúil 2023, d’ainmnigh Rialtas Phoblacht na Bulgáire Iliana IVANOVA don fholúntas.[2]

4. An 7 Iúil 2023, chinn an Chomhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le ceapadh Iliana IVANOVA mar chomhalta den Choimisiún Eorpach.

5. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 12 Meán Fómhair 2023.

6. An 13 Meán Fómhair 2023, i bhfreagra ar an litir ón gComhairle dar dáta an 12 Meán Fómhair 2023[3], thug Uachtarán an Choimisiúin fógra faoina comhthoil maidir le Iliana IVANOVA a cheapadh mar Chomhalta den Choimisiún Eorpach[4].

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an gCinneadh a leagtar amach in 12141/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 11262/23.
[3] 12874/23.
[4] 12971/23.